


# Tuarascáil Bhliantúil 2017

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland



LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

Arna foilsiú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

©Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2018

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: +353 1 603 0200
Facs: +353 1 676 6690
Ríomhphost: info@nli.ie
Suíomh gréasáin: www.nli.ie

Íomhá chlúdaigh de Chóisir an 140ú Breithlá: Mark Stedman

# Clár na nÁbhar


FOCAL ÓN GCATHAOIRLEACH 2

RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA 2

SRACFHÉACHAINT AR 2017 3

BAILIGH 4

COSAIN 6

CEANGAIL 8

NUÁIL 14

COMHOIBRIGH 16

TINREAMH COMHALTAÍ BOIRD 18

RÁITIS AIRGEADAIS 2017 19

BRONNTÓIRÍ 2017 52

# Focal ón gCathaoirleach



Le linn na bliana 2017 a bhí an-ghnóthach ar fad, rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann dul chun cinn iontach faoi chúig cinn dár gcolúin straitéiseacha - bailigh, cosain, naisc, nuáil agus comhoibrigh.

I mí Iúil, fógraíodh sonraí faoi 'An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú', an mhór-athfhorbairt ar phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara. Tá obair fhairsing á déanamh ag an Leabharlann ar na Bailiúcháin Fhoilsithe agus ar na Bailiúcháin Priontaí agus Líníochtaí lena n-ullmhú dá n-athlonnú le linn an tionscadail tógála. Táimid ag tnúth leis na dálaí stórála agus caomhnaithe is gá a chruthú chun na bailiúcháin náisiúnta a choinneáil sábháilte san fhadtéarma, ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Leis an athfhorbairt seo beidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábalta forbairt tuilleadh mar ionad le haghaidh taighde, cultúir, foghlama agus turasóireachta, agus déanfar athrú ó bhonn ar eispéireas an chuairteora sa 100 bliain amach romhainn. Cuirfidh sé feabhas mór ar na bailiúcháin náisiúnta chomh maith.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2017 ar thaispeántas suaitheanta Seamus Heaney i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a osclófar i Samhradh 2018 i bhfoirgnimh íocónacha Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath. Cuireadh pleananna chun cinn chomh maith lenár gcomh-Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ar Mhúsaem Litríochta na hÉireann (MoLI) atá le hoscailt san Earrach in 2019 i dTeach Newman, Baile Átha Cliath.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Josepha Madigan T.D, an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus leis an Aire Heather Humphreys T.D. chomh maith, as a dtacaíocht láidir agus an tsuim mhór atá taispeánta acu sa Leabharlann.

Ar deireadh, thar ceann an Bhoird agus mo féin, táim an-sásta buíochas a ghabháil leis an Dr Sandra Collins agus le foireann na Leabharlainne as a n-obair agus as a ndíograis leanúnach.



H. Paul Shovlin

# Réamhrá an Stiúrthóra



Le linn 2017, cheiliúramar 140 bliain ónar mbunú agus bhí cóisir speisialta breithlá againn i Lúnasa. Deis iontach a bhí ann chun aitheantas a thabhairt dár dtraidisiún fada maidir le scéal na hÉireann a bhailiú agus a chomhroinnt. Bhí sé ina phribhléid agam fáilte a chur roimh chuid de na cuairteoirí is óige de chuid na Leabharlainne, a léitheoirí dílse, a taighdeoirí agus a páirtithe ó gach cearn den tír.

Le linn na bliana, rinneamar teagmháil le pobail in Éirinn agus ar fud an domhain le cainteanna idirnáisiúnta, iasachtaí ábhair, bailiúcháin dhigitithe agus taispeántais taistil agus seoladh ár nuachtlitreach débhliantúla diaspóra.

Le linn 2017, leanamar leis na bailiúcháin náisiúnta a fhorbairt. Buaicphointe in 2017 ba ea ceannach bailiúchán an-suntasach a bhain le WB Yeats le cur leis an mbailiúchán Yeats is mó ar domhan, agus i Meán Fómhair cheiliúramar scoláire iomráiteach Yeats, an tOllamh Roy Foster ag imeacht ina onóir.

Tá ár gclár cartlainne gréasáin ag dul ó neart go neart. In 2017, chuireamar os cionn 300,000 suíomh gréasáin Éireannach i gcartlann, rud a léiríonn ár dtiomantas leanúnach do stair na hÉireann sa lá inniu a bhailiú.

I mí na Nollag, chuireamar fáilte roimh an Sir Bob Geldof chuig Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun bronnadh cartlann Band Aid ag Band Aid Trust a fhógairt. Caomhnóimid agus cuirfimid ar fáil an chartlann fhairsing seo de chuimhne shóisialta agus shibhialta chomhaimseartha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go buíoch d'fhlaithiúlacht ollmhór ár mórán bronntóirí a bhfuilimid ábalta saibhreas a chur leis na bailiúcháin náisiúnta dá mbarr.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach agus Bord na Leabharlainne Náisiúnta agus le baill foirne iontacha na hinstitiúide iontach seo agus muid ag smaoineamh chun cinn ar an todhchaí.



An Dr Sandra Collins

# Sracfhéachaint ar 2017

BEAGNACH 200,000 CUAIRT

NÍOS MÓ NÁ 32,000 CUAIRT TAIGHDE

NÍOS MÓ NÁ 14,000 LEABHAR, NUACHTÁN AGUS TRÉIMHSEACHÁN ÚR

OS CIONN 300,000 SUÍOMH GRÉASÁIN BAILITHE AGUS BUANCHOIMEÁDTA

48,000 LEANTÓIR

TÁ NA SEOMRAÍ LÉITHEOIREACHTA DÚNTA AR AN LUAN, AGUS MAR SIN IS FÉIDIR 60,000 LEABHAR A ATHUIMHRIÚ

18 MILLIÚN IDIRGHNÍOMHÚ AR LÍNE COMHCHEANGAILTE

D’FHREASTAIL 24,000 DUINE AR 391 TURAS, CAINT, CEARDLANN AGUS FEIDHMÍOCHT

6 THAISPEÁNTAS AR A RAIBH OS CIONN 140,000 CUAIRTEOIR




CÓISIR 140ú BREITHLÁ AMHÁIN

# 1. BAILIGH

Is é misean na Leabharlainne Náisiúnta cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil. Tugaimid aire do níos mó ná deich milliún ní, lena n-áirítear cóip de gach leabhar, gach tréimhseachán agus gach nuachtán a foilsíodh in Éirinn faoi rud ar a dtugtar taisce dhlíthiúil. Áirítear ar Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne saibhreas iontach lámhleabhar, priontaí agus líníochtaí, ábhar gearrshaolach, grianghraif, ceol agus léarscáileanna. Is bailiúcháin bhuan ár mbailiúcháin go léir agus is féidir le gach uile dhuine iad a rochtain.

## Ceannacháin 2017




**8,958 nuachtán agus 3,117 sraithscéal**



**Os cionn 140 ceannach Bailiúchán Speisialta***



**2,052 leabhar faighte**

* (áirítear leis sin nithe aonair agus bailiúcháin)



**Bhronn Sir Bob Geldof Cartlanna Band Aid ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mí na Nollag thar ceann Band Aid Trust. Áirítear ar na cartlanna litreacha, ábhair phoiblíochta, sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Iontaobhais, agus grianghraif. D'fhógair Josepha Madigan T.D. (sa phictiúr), an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, ceangaltas €245,000 chomh maith i gcistí digitithe chun cuidiú linn an chartlann a fhorbairt.**




Tá Bailiúchán Yeats na Leabharlainne Náisiúnta ar an gceann is mó agus is suntasaí ar domhan. Rinneadh é a threisiú tuilleadh le taiscí úra in 2017. I mí Feabhra fuaireamar litreacha idir WB Yeats agus James Joyce ina gcaitear solas ar chaidreamh liteartha seanbhunaithe. Ag an am céanna, fuaireamar 'Dream Diary' bhean chéile Yeats agus leabharlann mhuintir Yeats.

I mí Mheán Fómhair cheannaíomar os cionn 500 litir idir WB Yeats agus George a scríobhadh le linn bhlianta a bpósta. Bhíothas ábalta na litreacha sin a cheannach mar gheall ar mhaoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Fuaireamar páipéir agus déantáin teaghlaigh chomh maith mar chuid de bhronntanas Alt 1003 ó mhuintir Yeats.

Cheannaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann líon nithe a rinne athair ealaíontóra an fhile, John Butler Yeats ag ceant. Áiríodh orthu sin féinphortráid uiscedhatha; portráidí d'iníonacha an ealaíontóra, Susan Mary 'Lily' Yeats agus Elizabeth Corbet 'Lolly' Yeats mar aosaigh, agus sceitsí pionsail de George agus WB Yeats.

Tá na litreacha agus na nithe sin ar na taiscí is déanaí i sraith d'ábhar suntasach le WB Yeats a fuair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó chlann Yeats thar beagnach 80 bliain, ó bhronn George Yeats lámhleabhair bhunú de na dánta 'Oisin' agus 'Wanderings of Usheen' in 1939. Meastar gur fiú thart ar €8.4 na bronntanais thar an am sin, agus is ionann na ceannacháin agus €1.56 milliún ar an iomlán.





Áiríodh ar cheannacháin shuntasacha eile le linn na bliana: "Irish Eyes", péintéireacht leis an ealaíontóir Claus Havemann ón Danmhairg; Bailiúchán Amharclann Peter O'Brien, bailiúchán líníochtaí de dhearaí feistis le haghaidh cóiriú stáitse Brian Friel de 'A Month in the Country'; bailiúchán Anthony Jordan; 400 cartún bunaidh le Martin Turner; páipéir Conor Cruise O'Brien; agus cartlann theach foilsithe na Gaeilge Sáirséal agus Dill, faoi Alt 1003 (Bronntanais Oidhreachta) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

# 2. COSAIN

Croífheidhm den Leabharlann Náisiúnta is ea cúram na mbailiúchán. Tá raon na mbailiúchán a dtugaimid aire dóibh ó phlátaí fótagrafacha de ghloine shobhriste agus lámhleabhair Ghaelacha ón 14ú haois, go 25 km de leabhair agus cartlann suíomhanna gréasáin Éireannacha. Táimid ag obair chun caighdeáin nua-aimseartha dár mbonneagar fisiceach agus digiteach a chomhlíonadh, agus chun an t-eispéireas is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár n-úsáideoirí.


## Clár Tógála

Tá athfhorbairt ar ár bpríomhfhoirgneamh ar Shráid Chill Dara ar bun. Tá an tionscadal 12 mhilliún euro seo, arna stiúradh ag Ceann na nEastát, Breda Callann, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí agus tá sé á mhaoiniú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Thar na ceithre bliana amach romhainn, beidh siopa leabhar ard-dlúis agus stóráil ardchaighdeáin á gcruthú againn dár mbailiúcháin Priontaí agus Líníochtaí ar aon dul leis na caighdeáin a mholtar do leabharlanna. Le spásanna poiblí úra agus rochtain uilíoch cuirfear feabhas ar an Leabharlann Náisiúnta mar cheann scríbe fáilteach do chách.

Sa phictiúr anseo ag seoladh an chláir thógála i mí Iúil 2017 tá Kevin "Boxer" Moran TD, Aire Oifig na nOibreacha Poiblí agus Faoisimh Tuile, Coimisinéir Oifig na nOibreacha Poiblí , John McMahon, Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta, an Dr Sandra Collins, Príomhailtire Oifig na nOibreacha Poiblí, John Cahill, an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an am, Heather Humphreys TD, Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí, Maurice Buckley agus Cathaoirleach Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Paul Shovlin.








Cuireadh tús le Céim 1 den Chlár Tógála le linn na bliana. Leanadh le pleanáil agus oibreacha ullmhúcháin an chláir lena n-áirítear gnéithe leabharlainne a dhoiciméadú, agus réidh a dhéanamh leis na leabhair ar fad sa stóras reatha nach bhfuil dóthanach sa Sciathán Thiar a bhogadh. Dúnadh na Seomraí Léitheoireachta ar an Luan, chun go mbeadh foireann na mBailiúchán Foilsithe ábalta seiceáil stoic a dhéanamh ar an mbailiúchán imleabhar de réir imleabhair, gach ní a athsheilfeáil de réir méide agus uimhreacha nithe úra a chruthú, chun as úsáid is éifeachtaí a bhaint as an stóras úr. Sainaithníodh nithe agus ceartaíodh earráidí ar thaifid chatalóige. Cuireadh an chéad chéim i gcrích i mí na Nollag 2017, agus rinneadh níos mó ná 60,000 ní a ath-uimhriú, agus cionn 8,000 taifead catalóige a cheartú nó a chruthú. Ag an am céanna, rinneadh bailiúcháin na bPriontaí agus na Líníochtaí agus an Ábhair Ghearrshaolaigh a shórtáil, a athlonnú, a lipéadú, a chatalógú agus a dhigitiú, agus sainaithníodh réiteach stórála ardchaighdeáin do na bailiúcháin sin ag ionad Shráid Chill Dara.

## Caomhnú agus Buanú


Tá baint mhór ag ár bhfoireann um chaomhnú leis an gclár tógála, ach níl ann sin ach cuid amháin dá gcuid oibre chun an bailiúchán náisiúnta a chaomhnú agus a bhuanú. Tugann caomhnóirí comhairle maidir le nithe a láimhseáil ar bhealach sábháilte, riocht an ábhair a mheas agus é a athlonnú, comhairle a thabhairt do bhaill den phobal ag imeachtaí agus ceardlanna ar chúram bailiúchán a thairiscint go rialta. Ullmhaíonn siad nithe le haghaidh taispeántas agus digitithe chomh maith. Anseo is féidir leat Claire Dantin a fheiceáil ag obair ar leabhar sceitseála damáistithe roimh a dhigitiú, le linn a socrúcháin oibre um chaomhnú arna chómhaoiniú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ag an gComhairle Oidhreachta.




# 3. CEANGAIL


Cheiliúir an Leabharlann Náisiúnta a breithlá 140 bliain in 2017. Tá daoine á nascadh againn le scéal na hÉireann ó bhí 1877 ann, agus le linn na bliana bhí sé mar aidhm againn ár n-úsáideoirí ar fad a spreagadh, agus ár naisc a fhás agus a neartú tuilleadh ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Líon na gcuairteoirí




## Rannpháirtíocht ar líne



# Postálacha Facebook is mó éileamh

**National Library of Ireland**
Published by Louise Archbold · 15 December 2017

Cuala Industries was run by W.B. Yeats' sisters, Susan and Elizabeth Yeats (more commonly known as Lily and Lolly) and was based in Churchtown. This image might be just what you need to get in the spirit for Christmas shopping this weekend!



27,520 Teacht | 277 Is maith liom | 212 Scair

**National Library of Ireland**
Published by Sebastian Enke · 29 March 2017

A very familiar image to many Irish people of a certain age! Peig Sayers, born #onthisday in 1873 #Peig #LeavingCert



13,345 Teacht | 242 Is maith liom | 47 Scair

**National Library of Ireland**
Published by Louise Archbold · 25 April 2017

The show that didn't go on: acts scheduled for the Coliseum Theatre, Dublin, this week in 1916





13,187 Teacht | 9 Is maith liom | 0 Scair

# Tvuíteanna is mó Éileamh

**Nat Library Ireland**
@NLIreland

On the #Bloomsday that's in it - we've found Mr Joyce appearing all over the National Library...




10:08 AM - 16 Jun 2017

39,624 Taispeáint | Is maith liom 314 | Athtvuíteanna 147

**Nat Library Ireland**
@NLIreland

We are delighted to announce details of a number of major new Yeats acquisitions. Full details: bit.ly/2hz8Hjz



27,741 Taispeáint | Is maith liom 271 | Athtvuíteanna 137

**Nat Library Ireland**
@NLIreland

#OnthisDay 95 years ago, Michael Collins, Commander-In-Chief of the National Army, is killed in an ambush in Béal na Bláth, Co.Cork.



10:25 AM - 22 Aug 2017

27,350 Taispeáint | Is maith liom 176 | Athtvuíteanna 136

# Buaicphointí Cuairte agus Imeachtaí

Le linn 2017, chuireamar fáilte roimh chuairteoirí ar ár bhfoirgnimh chun sult a bhaint as ceol agus léiriúcháin, léachtaí agus plé painéil, turas agus comhroinnt eolais. Bhain baill d'fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta leas as deiseanna chomh maith lenár stair a chomhroinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Cúrsaí Leabharlainne

**Leanadh leis an tsraith 'Library Matters' de chainteanna am lóin de chuid na Leabharlainne a raibh an-tóir orthu le linn 2017. Bhí leabharlannaithe as Éirinn agus as an Eoraip páirteach ann agus labhair siad faoi pheirspictíochtaí agus straitéisí úra do leabharlanna, agus tugadh léargas ann ó Richard Ovenden ó Leabharlann Bodley (sa pictiúr), Helen Shenton, Leabharlann na Tríonóide, Leabharlannaí Ollscoil Mhaigh Nuad, Cathal McCauley, agus Ceann Leabharlann Náisiúnta na Danmhairge, Pernille Drost (sa phictiúr freisin.)**









## Teaghlaigh agus Daoine óga

**Bhíomar rannpháirteach le linn na bliana le scoileanna agus le grúpaí teaghlaigh, trí thurais, ceardlanna, scéalaíocht agus comórtais, lena n-áirítear ceardlanna a cuireadh ar fáil in ionaid áitiúla ar fud na tíre. I mí Iúil, thugamar cuireadh do theaghlaigh chun sult a bhaint as conairí agus scéalta lenár Buail Isteach ar an Déardaoin, agus chuig ceardlanna áit ina raibh siad ábalta teacht ar léarscáileanna, éin a chruthú, cartúin nuachtáin a tharraingt nó a gclúdach leabhair féin a dhéanamh. D'oibríomar chomh maith leis an Néarlár ó Dhoire chun ár gcampa dhá lá "Hands-on History" do dhaltaí iarbhunscoile a thairiscint. Ceiliúradh comóradh 10 mbliana 'Poetry Aloud' in 2017, an comórtas véarsaíochta do scoláirí as gach cearn d'oileán na hÉireann, a reáchtálaimid i gcomhpháirtíocht le Poetry Ireland. Ba é Brendan MacDomhnaill a bhuaigh an comórtas.**




## Turais, Cainteanna, Seimineáir agus Cúrsaí

Thairgeamar turais treoraithe dár dtaispeántais leanúnacha le linn 2017, chomh maith lenár dturas móréilimh "Stair agus Oidhreacht" agus ceardlanna réamheolais taighde gach mí. Bhí roinnt "Scoileanna Chois Claí" ann mar chuid dár gcomhpháirtíocht leanúnach le Stair Éireann, chomh maith le topaicí ón Nollaig i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta go dtí an coinscríobh sa Chéad Chogadh Domhanda, agus ó fhilíocht John Donne go dtí forbairt na hiománaíochta. Leanamar le cúrsaí a thionól mar chuid de chlár Oideachais d'Aosaigh COBÁC, chomh maith le cúrsaí 8 seachtainí Réamheolais ar Ghinealas. I mí Mheán Fómhair, cheiliúramar gairm an staraí, Roy Foster, le lá machnamh ar a chuid saothair do lucht féachana/éisteachta ar tugadh cuireadh dóibh.



## Ceol agus Léiriú

Bhí an-tóir ar fad ar "Joyce at the Opera", Lá Bloom, an 16 Meitheamh. Eagraíocht an t-imeacht i gcomhar leis an Instiiúid Iodálach Cultúir "Associazione Triestina Amici della Lirica G. Viozzi" agus Scoil Trieste Joyce (University of Trieste). Níos déanaí sa bhliain chuireamar fáilte freisin roimh an bhfile Moya Cannon agus na ceoltóirí Kathleen Loughnane, Cormac Cannon agus Catriona Cannon don Chruit, d'Fhilíocht agus do na Píoba: Oíche fhilíochta agus cheoil.



## Ár Scéal a Chomhroinnt

I mí Iúil bhí ríméad orainn fáilte a chur roimh an Rúnaí Cultúir Albanach Fiona Hyslop chuig an Leabharlann Náisiúnta mar chuid de chuairt Oifig na nOibreacha Poiblí, agus i rith na bliana chuireamar baill den Oireachtas ar an eolas faoi Straitéis na Leabharlainne Náisiúnta. Sheachaid roinnt ball foirne cuir i láthair ag comhdhálacha lena n-áirítear comhdháil Leabharlann CONUL, agus ag Comhdháil Idirnáisiúnta IIPC/RESAW 2017 i Londain. Labhair ár Stiúrthóir ag líon imeachtaí, lena n-áirítear comhdháil bhliantúil Dhúghlas de hÍde i mBealach an Doirín. Thaistil ár gCeann For-rochtana go Boston agus Dún Éideann chun feasacht faoinár dtaispeántas ar Seamus Heaney atá ag teacht in 2018 a ardú.


## Taispeántas Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats

Tá an Bailiúchán is mó agus is suntasaí d'ábhar Yeats ar domhan i seilbh na Leabharlainne Náisiúnta. Ag baint leas as an mbailiúchán sin, déantar mionscagadh sa taispeántas buan ilmheán seo a bhfuil duaiseanna buaite aige ar shaol ceann de na mórfhilí den 20ú haois agus ar an gcuid mhór suimeanna iontacha a bhí aige lena n-áirítear litríocht, seanchas, téatar, polaitíocht agus an dramaíocht.



## World War Ireland: Exploring the Irish Experience

D'oscail "World War Ireland" i mí na Samhna 2014, le tacaíocht ó Ambasáid na Breataine in Éirinn. Déantar cíoradh sa taispeántas ar eispéireas na hÉireann le linn an Chéad Chogadh Domhanda trí bhailiúcháin litreacha, dialann, póstaer earcaíochta, tuairiscí nuachtáin, cartúin agus bileoga. Le cuntais phearsanta agus fianaise finnéithe ón mbunfhoinse tugadh léargas uathúil do na cuairteoirí faoin gcineál saoil a bhí ag Éireannaigh thar lear agus sa bhaile araon le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Mar chuid dár gcomhpháirtíocht leanúnach leis an Néarlár i nDoire, tá úrscéalta grafacha ar théamaí stairiúla ar stoc againn agus cuidímid lena gcruthú agus tá siad ar fáil go héasca do chuairteoirí ar an taispeántas.





## Beyond Leaving

Ó mhí na Samhna 2016 go dtí mí an Mhárta 2017 bhí an 'Beyond Leaving' leis an ngrianghrafadóir David Monahan atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, (sa phictiúr anseo le Sarah Maria Griffin), ina scrúdaítear an sruth is déanaí d'eisimirce ó Éirinn ar taispeáint ag an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta. Díríodh sa taispeántas ar shaolta grúpa beag dóibh siúd a d'fhág Éire le linn an choir chun donais. Bhí níos mó ná 20 saothar grianghrafadóireachta mórscála ann a scannánaíodh ar an láthair in Toronta, Ohio, Chicago, Surrey, Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin agus úsáideadh fístaifeadáin, agallaimh agus déantáin chun beocht a chur sna heisimircigh sin agus ina scéalta.




## HP40: Clúdaíonn an Hot Press an Taispeántas

Ó Aibreán go Lúnasa 2017, d'óstáil Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta an taispeántas ag ceiliúradh daichead bliain den iris Hot Press. Bhí rogha de chlúdaigh íocónacha Hot Press ann, a bhí sínithe ag na daoine cáiliúla ar na clúdaigh, rud a d'inis scéal an-láidir faoi Éirinn le daichead bliain anuas. Tá Hot Press á bhailiú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann óna chéad eagrán agus is é an t-aon áit inar féidir le daoine rith iomlán na hirise a fheiceáil.



## Photo Detectives

D'oscail Sabina Higgins "Photo Detectives" ag an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i Meán Fómhair 2017.  Ceiliúrann an taispeántas bailiúcháin shaibhre ghrianghrafadóireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus tugtar an pobal domhanda Flickr a ndéanamh imscrúdú orthu chun suntais ann. Tá 26 íomhá agus scéal suaithinseach ann a théann siar ó 1871 go 1970 ina nochtar céad bliana beagnach de shaolta Éireannacha a d'athraigh.




## Taispeántais ar an mBóthar

Inar dtaispeántais ar an mbóthar déantar iniúchadh ar araltas, litríocht páistí, an Chéad Chogadh Domhanda, Joyce agus Ulysses, léarscáileanna agus nuachtáin. Tá na taispeántais ar fad ar fáil le hiasacht a fháil uathu ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2017, tugadh an taispeántas go scoileanna, leabharlanna agus ionaid chuairteoirí ar fud na hÉireann, lena n-áirítear go Baile Átha Cliath, Dún na nGall, Ciarraí, Cill Chainnigh, Maigh Eo agus an Iarmhí.


# 4. NUÁIL

Tá ábhar digiteach ag fás ag ráta gan choinne, rud a chruthaíonn dúshláin i mbailiú, i gcaomhnú agus i rochtain a sholáthar ar fhaisnéis ar bhealaí úra agus nuálacha. Is é sprioc Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leanúint le faisnéis ardchaighdeáin a sholáthar le foinse ar féidir le húsáideoirí muinín a bheith acu aisti, trí dhigitiú ár mbailiúchán atá ag fás, agus trínár mbailiúcháin digitghinte.

Téann ár gcartlann ghréasáin atá ar fáil go héasca siar go 2011, ina ndéantar suíomhanna gréasáin d'ábhar Éireannach a bhuanú. Áirítear ar an mbailiúchán digitghinte sin cheana féin suíomhanna gréasáin nach bhfuil le fáil ar líne ó shin agus anois coimeádaimid an t-aon taifead go raibh siad ann.

## Buaicphointí digitithe agus cartlainne gréasáin

Shroich cartlann ghréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann 13 TB ar méid faoi dheireadh 2017, agus mar gheall ar an digitiú bhíomar ábalta ár n-ábhar a chur ar fáil go héasca ar fud an domhain. Uirlis atá ag éirí níos tábhachtaí leis is ea an digitiú i ndaonlathú na rochtana ar bhailiúcháin náisiúnta.



Saturday 14th Dec - I went [Very fine day.] down to the club early & got sealing wax etc from Mrs Clancy for the ballot boxes. Then Miss M'Connell came saying there were not enough women working in some places, so I got leave from Whittle & went with her to Bally-truckle, where we got a list of women who were to be looked up, & I went after them. Some said

**Chruthaíomar beagnach 14,000 íomhá dhigiteach trínár gclár digitithe in 2017, lena n-áirítear 920 lámhleabhar. Taispeántar sliocht anseo ó dhialann Rosamond Jacob, ina gcuirtear síos ar thoghchán 1918 (an chéad olltoghchán ina raibh mná in Éirinn os cionn 30 bliain d'aois ábalta vóta a chaitheamh.)**



Rinneamar 6,245 dá bpriontaí agus líníochtaí a dhigitiú, amhail an líníocht seo de Chaisleán na Blarnan le James Stark Fleming.




Bhí bailiúchán Tynan de ghrianghraif de Dhún na nGall i measc an 3,840 grianghraf a digitíodh.




Trínár gcartlannú gréasáin bunaithe ar cheadanna, tá níos mó ná 13 TB de shonraí againn anois is féidir a chuardach go héasca trínár suíomh gréasáin – agus thart ar 200 suíomh ar thopaicíó Brexit go Hurricane Ophelia a glacadh le linn 2017. Rinneadh scrúdú iomlán ar na bhfearann barrleibhéil Éireann (.ie) chomh maith in 2017. Díríodh sa scrúdú ar na fearainn .ie ar fad, fearainn eile atá á n-óstáil in Éirinn agus ar shuíomhanna gréasáin Gaeilge a sainaithníodh ag baint úsáid as bogearraí braite teanga. Cuireadh béim faoi leith ar shuíomhanna gréasáin rialtais, comhlachtaí staid agus ardoideachais.

# 5. COMHOIBRIGH

Oibríonn an Leabharlann Náisiúnta le páirtithe chun níos mó a bhaint amach le chéile ná mar a thiocfadh linn a bhaint amach linn féin. Cuireann traidisiún na comhpháirtíochta taca faoi chuid den mhéid is suntasaí agus is luachmhaire atá bainte amach againn.

## Seamus Heaney: Listen Now Again

Ó bhronn Seamus Heaney a chartlann scríbhneoireachta ar an Leabharlann Náisiúnta in 2011, tá mórthaispeántas á phleanáil againn chun a scríbhneoireacht a cheiliúradh agus a iniúchadh. Le linn 2017, d'oibrigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Banc na hÉireann, leis an gcoimeádaí Geraldine Higgins, exhibition designers Ralph Appelbaum Associates agus clann Heaney ar Seamus Heaney: Listen Now Again. Fógraíodh sonraí faoin taispeántas, a osclófar anois ag Ionad úr Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath, i Samhradh 2018, ag imeacht lainseála i mí na Nollag 2017. Beidh taispeántas Heany mar chomhlánú agus nasc le tionscadal Mhúsaem Litríochta na hÉireann, comhpháirtíocht le COBÁC a osclófar in 2019.






## Sonraí Taighde Oscailte in Éirinn

I Meán Fómhair 2017, d'oibríomar leis an gComhaontas Sonraí Taighde, Stór Digiteach na hÉireann agus Taighde Oscailte Éireann chun an cheardlann "National Approach to Open Research Data in Ireland" a óstáil. Ba é cuspóir na ceardlainne prionsabail náisiúnta bheartaithe a fhorbairt le chéile do Shonraí Taighde Oscailte in Éirinn. Cuirfidh toradh na ceardlainne bonn eolais faoi obair leanúnach an Fhóraim Náisiúnta um Thaighde Oscailte (NORF). I measc na dtopaicí a pléadh bhí: scileanna agus oiliúint, bonneagar, dreasachtaí agus luach saothair, tosaíochtaí, beartas agus cleachtas, cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh leis an bpobal taighde.




## 140 Bliain ag Obair le Chéile


Cheiliúramar ár mbreithlá 140 bliana le cóisir chun an méid atá bainte amach againn le chéile a cheiliúradh. Chuaigh baill foirne reatha agus iarbhaill foirne, páirtithe, páirtithe leasmhara, taighdeoirí agus cuairteoirí i bpáirt linn le Laureate na nÓg, PJ Lynch, a bhfuil a chuid saothair mar mhaisitheoir gafa inár mBailiúcháin Priontaí agus Líníochtaí.

## Daonchairdeas agus Tabhairt

Nuair a thugtar cistí don Leabharlann Náisiúnta is féidir linn ceannacháin amhail na portráidí seo de Lily agus Lolly Yeats a cheannach. Ceannaíodh na portráidí sin ag ceant in 2017 le cistiú ón Iontaobhas Carthanais Normanby agus Constantine Phipps. Tacaíonn tabhartais le cláreagrú chomh maith, amhail léacht bliantúil Joseph Hassett Yeats a bhíonn ar siúl gach bliain ar bhreithlá WB Yeats. Ba é Bernard O'Donoghue a sheachaid an léacht in 2017.







## Féile agus Imeachtaí

Trí pháirt a ghlacadh i bhféilte agus imeachtaí áitiúla agus náisiúnta is féidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cur le clár níos mó, agus teacht ar lucht féachana/éisteachta úr. In 2017, bhí ríméad orainn oibriú le Seachtain na hOidhreachta, Féile na Bealtaine, Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Oíche Chultúir, Teach Oscailte agus Cruinniú na Cásca i measc imeachta eile.

# Tinreamh Comhaltaí Boird

| *Comhalta Boird* | *Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu* | *Cruinnithe a raibh an comhalta in ann freastal orthu* |
|---|---|---|
| Ciara Breathnach | 8 | 9 |
| Bob Collins | 7 | 9 |
| Maeve Conrick | 9 | 9 |
| James Dorgan | 9 | 9 |
| Jack Keyes | 6 | 9 |
| Conor Kostick | 8 | 9 |
| Katherine McSharry | 9 | 9 |
| Eoin McVey | 7 | 9 |
| Susan Philips | 9 | 9 |
| Susan Schreibman | 8 | 9 |
| Paul Shovlin (Cathaoirleach) | 9 | 9 |
| Jennifer Taaffe | 6 | 9 |

Is i gcáil dheonach a fhónann Comhaltaí Boird agus ní fhaigheann siad aon íocaíochtaí as freastal ar chruinnithe Boird.

# Ráitis Airgeadais 2017


Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 20

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 23

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 26

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 28

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 29

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 30

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim 31

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 32

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

### Rialachas

Ceapadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 12 den Acht (Feidhmeanna Bhord na Leabharlainne). Tá an Bord cuntasach don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an Stiúrthóir agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí gach duine atá bainteach le hoibriú an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú do chomhaltaí Boird, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir agus don Rúnaí. Leagtar amach sa Chód freisin na hábhair atá forchoimeádta go sonrach dá gcinneadh ag an mBord. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascálacha ó na coistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta, agus
- Ábhair fhorchoimeádta.

Ceanglaítear le halt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus gach cuntas cuí agus gnáthchuntas ar an airgead a fhaigheann sí agus a chaitheann sí a choinneáil.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord gur chloígh sé leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, ina nochtar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le cruinneas réasúnta tráth ar bith agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 35 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais a thugtar ar shuíomh Gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus na buiséid bhliantúla a fhaomhadh. Is meastóireacht leanúnach í sin ar fheidhmíocht Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcomparáid lena plean gnó bliantúil agus lena buiséad bliantúil. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag an 31 Nollaig 2017. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis seo agus na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 an 18 Deireadh Fómhair 2018.

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, a gceapann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta gach duine díobh. Ceapadh na comhaltaí den Bhord ar feadh tréimhse 5 bliana agus tagann siad le chéile 9 n-uaire sa bhliain. Tugtar mionsonraí sa tábla thíos ar an tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha:

| *Comhaltaí Boird* | *Ról* | *An Dáta a Ceapadh an Comhalta* | *Tuilleadh Mionsonraí* |
|---|---|---|---|
| Paul Shovlin | Cathaoirleach | 23 Deireadh Fómhair 2015 | |
| Bob Collins | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Ciara Breathnach | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Conor Kostick | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Eoin McVey | Gnáthchomhalta | 11 Samhain 2015 | Ainmní de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath |
| Jack Keyes | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| James Dorgan | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Jennifer Taaffe | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Katherine McSharry | Gnáthchomhalta | 19 Samhain 2015 | Ainmní Fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| Maeve Conrick | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Susan Philips | Gnáthchomhalta | 11 Samhain 2015 | Ainmní de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Athcheapadh í sa bhliain 2015 ar feadh téarma eile. |
| Susan Schreibman | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |

Rinne an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe ar éifeachtacht a chur i gcrích i mí Feabhra 2018 agus tá sé beartaithe aige tús a chur le hAthbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird ag deireadh 2018.

Is ann do thrí fhochoiste de chuid an Bhoird. Is coistí reachtúla iad dhá cheann díobh, mar atá an Coiste Comhairleach Léitheoirí agus an Coiste Ginealais agus Araltais. Is coiste neamhreachtúil é ceann amháin, mar atá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste Comhairleach Léitheoirí comhdhéanta de thriúr comhaltaí boird agus de thriúr comhaltaí neamhspleácha seachtracha. Is é príomhfheidhm an Choiste Comhairligh Léitheoirí comhairle a chur ar an mBord faoi nithe a bhaineann le soláthar seirbhísí ag an Leabharlann. Tagann an Coiste seo le chéile trí huaire sa bhliain. Cuimsíonn an Coiste Ginealais agus Araltais ceathrar comhaltaí Boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha nach comhaltaí Boird iad. Is é príomhfheidhm an Choiste Ginealais agus Araltais comhairle a chur ar an mBord faoi nithe a eascraíonn as cumhachtaí reachtúla agus feidhmeanna an Bhoird i réimsí an ghinealais agus an araltais. Tagann an Coiste le chéile trí huaire sa bhliain ar an meán. Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca triúr comhaltaí Boird agus comhlachta seachtrach neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord. Is iad an tUas. Eoin McVey (Cathaoirleach), Maeve Conrick Uas., an tUas. James Dorgan agus Teresa Harrington Uas. (comhalta neamhspleách seachtrach – cuntasóir cáilithe) na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Bhí ceithre chruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ann sa bhliain 2017.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal tinrimh ar chruinnithe Boird agus Coiste sa bhliain 2017 leagtha amach i nóta 5(d) leis na ráitis airgeadais.

## Príomhathruithe Pearsanra

Ní raibh aon athruithe ar chomhaltas an Bhoird sa bhliain 2017.

## An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Leabharlann ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), ar fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe – leagtha amach i nóta 5(b) leis na ráitis airgeadais
- Costais sainchomhairleoireachta – leagtha amach i nóta 5(f) leis na ráitis airgeadais
- Costais dlí agus socraíochtaí – leagtha amach i nóta 5(f) leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas taistil agus cothaithe – leagtha amach i nóta 5(a) leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas fáilteachais – leagtha amach i nóta 5(g) leis na ráitis airgeadais

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. D'oibrigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2017, cé is moite den Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird atá le críochnú ag deireadh 2018, mar atá luaite thuas.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 12 Samhain 2018

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

### Raon Freagrachta

Thar ceann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

### An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Cuimsíonn sé triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain 2017.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, mar atá sainithe i gCairt an Bhoird um Iniúchóireacht Inmheánach. Déanann anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht neamhchosanta air eolas d'oibriú na feidhme iniúchóireachta inmheánaí agus cuirtear pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí le chéile ar bhonn na hanailíse sin. Thacaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an anailís ar rioscaí agus leis na pleananna um iniúchadh inmheánach, agus d'fhaomh an Bord iad. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí ar fáil don Bhord.

Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus ina sonraítear na róil atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir bheartais bhainistíochta riosca Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

### An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann córas bainistíochta riosca chun feidhme, lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí le sárú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leathbhliantúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, lena ngabhann buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe chun a chinntiú go bhfuil rialú leordhóthanach ann ar mhaoiniú deontas chun go n-úsáidtear é chun na críche beartaithe.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Seachas na conarthaí a nochtar sa mhír 'Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh' thíos, chloígh an Leabharlann lena nósanna imeachta sa bhliain 2017.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre) agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2017 i mí an Mheithimh 2018.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí rialaithe inmheánaigh sa bhliain 2017 seachas na laigí sin a phléitear thíos maidir le caiteachas €311,662 ar thrí chonradh:

- Bhain conradh amháin (€18,700) le seirbhísí dlí a sholáthar ar chonradh imithe as feidhm. Tháinig an mhoill sin chun cinn go príomha mar go raibh an Leabharlann Náisiúnta ag fanacht go dtí go gcuirfeadh an Oifig um Sholáthar Rialtais creat-chomhaontuithe ar bun. Bunaíodh an creat sin i mí Lúnasa 2016. Lorg Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tairiscintí le haghaidh conradh nua agus shocraigh sé ceann i mí na Bealtaine 2018.

- Bhain conradh amháin (€230,353) le seirbhísí slándála a sholáthar ar chonradh imithe as feidhm. Tháinig an mhoill sin chun cinn go príomha mar go raibh an Leabharlann Náisiúnta ag fanacht go dtí go gcuirfeadh an Oifig um Sholáthar Rialtais creat-chomhaontuithe ar bun. Bunaíodh an creat sin i mí Dheireadh Fómhair 2016. Lorg Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tairiscintí le haghaidh conradh nua agus shocraigh sé ceann i mí Feabhra 2018.
- Bhain conradh amháin (€62,609) le stóráil sheachtrach bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a sholáthar ar chonradh imithe as feidhm a tar-rolladh. Lorg Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tairiscintí le haghaidh conradh nua agus shocraigh sé ceann i mí Mheán Fómhair 2018.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

| | |
|---|---|
| Paul Shovlin | Sandra Collins |
| *Cathaoirleach* | *Stiúrthóir* |

Dáta: 12 Samhain 2018

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta díobh seo a leanas:

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

#### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann
an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 Samhain 2018

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar freagrachtaí na gcomhaltaí Boird amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird. Tá na comhaltaí Boird freagrach as na nithe seo a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cé acu is cuí nó nach cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais orthu.

Is é an cuspóir atá agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d'aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a gnóthaíodh le linn m'iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an dóigh ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás gur tháinig mé ar aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó aon chás nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairim féin,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun a chur ar mo chumas iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 2 | 8,315,831 | 7,814,029 |
| Bronntanais | 3 | 4,125,939 | 133,009 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha Pinsin | 6 (c) | 1,105,099 | 932,775 |
| Ioncam Eile | 4 | 170,708 | 232,826 |
| Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil | 10 | ( 6,014,282 ) | ( 604,233 ) |
| **Ioncam iomlán** | | **7,703,295** | **8,508,406** |
| | | | |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn | 5 | 5,280,274 | 5,195,401 |
| Cláir | 7 | 902,917 | 1,156,117 |
| Costais Sochar Scoir | 6 (a) | 1,664,249 | 1,694,066 |
| Dímheas | 9 | 230,565 | 260,533 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **8,078,005** | **8,306,117** |
| | | | |
| Barrachas / (Easnamh) don Bhliain tar éis Leithreasuithe | | (374,710) | 202,289 |
| | | | |
| Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 1 Eanáir | | 623,435 | 421,146 |
| | | | |
| **Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 31 Nollaig** | | **248,725** | **623,435** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 12 Samhain 2018

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | | **( 374,710 )** | **202,289** |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochar scoir | 6 (d) | (682,000) | 754,000 |
| Athrú ar bhoinn tuisceana atá mar bhunús le luach láithreach na n-oibleagáidí sochar scoir | | ( 2,178,000) | ( 5,809,000 ) |
| **Iomlán an ghnóthachain / (an chaillteanais) achtúirigh sa bhliain** | | **( 2,860,000 )** | **( 5,055,000 )** |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir | | 2,860,000 | 5,055,000 |
| **Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain** | | **(374,710)** | **202,289** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 12 Samhain 2018

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 2,328,551 | 1,793,584 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 12 | 21,540,555 | 16,061,240 |
| **Iomlán na Sócmhainní Seasta** | | 23,869,106 | 17,854,824 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Méideanna Infhaighte | 13 | 162,269 | 168,921 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 1,010,856 | 964,998 |
| | | 1,173,125 | 1,133,919 |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha** *(méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)* | | | |
| Méideanna iníoctha | 14 | 924,400 | 510,484 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 248,725 | 623,435 |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochar Scoir | 6 (b) | ( 43,587,104 ) | ( 39,622,005 ) |
| Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha Sochar Scoir | 6 (b) | 43,587,104 | 39,622,005 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **24,117,831** | **18,478,259** |
| | | | |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil: | | | |
| Sócmhainní Seasta Oidhreachta | 10 | 21,540,555 | 16,061,240 |
| Sócmhainní Seasta Oibriúcháin | 10 | 2,328,551 | 1,793,584 |
| Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | | 248,725 | 623,435 |
| | | **24,117,831** | **18,478,259** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 12 Samhain 2018

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas / (Barrachas Caiteachais thar Ioncam) | ( 374,710 ) | 202,289 |
| Sócmhainní a Bronnadh | ( 4,076,800 ) | ( 125,315 ) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 230,565 | 260,533 |
| (Méadú) / Laghdú ar Mhéideanna Infhaighte | 6,652 | 99,882 |
| Méadú / (Laghdú) ar Mhéideanna Iníoctha | 413,916 | ( 75,953 ) |
| Méadú / (Laghdú) ar an gCuntas Caipitil | 6,014,282 | 604,233 |
| Ús Bainc a fuarthas | - | ( 96 ) |
| **Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **2,213,905** | **965,573** |
| **Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | ( 765,532 ) | ( 334,792 ) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Oidhreachta a cheannach | ( 1,402,515) | ( 404,659 ) |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **( 2,168,047 )** | **( 739,451 )** |
| **Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús Bainc a fuarthas | - | 96 |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **-** | **96** |
| **Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim** | 45,858 | **226,218** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag an 1 Eanáir | 964,998 | 738,780 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag an 31 Nollaig** | **1,010,856** | **964,998** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad uile ar fud na bliana agus ar fud na bliana roimhe.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar bun faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá a ceannoifig lonnaithe i Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Is mar a leanas atá príomhchuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar a leagtar amach i gCuid 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

> *"ábhar na Leabharlainne Náisiúnta atá i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill an phobail teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile."*

Is Eintiteas Leasa Phoiblí í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ("an Leabharlann Náisiúnta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

### c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a mheastar ag luach cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Leabharlainne Náisiúnta.

Mar atá leagtha amach i Nóta 15, bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas) chun forbairt na Leabharlainne Náisiúnta a éascú. Ní chomhdhlúthaítear leis na ráitis airgeadais seo torthaí an Iontaobhais ar an mbonn nach bhfuil sé ina cheangal faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

### d) Ioncam

#### Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhruithe de ghnáth, seachas i gcás Dheontais an Oireachtais, a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

#### Costais Dhíreacha

Costais dhíreacha a bhaineann le giniúint ioncaim eile trí ghníomhaíochtaí na Leabharlainne Náisiúnta, e.g. Araltas, léirítear iad mar ollmhéid i Nóta 4 - Ioncam Eile.

## e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir luach an chostais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad ar rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolré ionchais, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Daingneáin agus Feistis | 10% sa bhliain |
| (ii) | Ríomhairí | 25% sa bhliain |
| (iii) | Trealamh Oifige agus Ginearálta | 20% sa bhliain |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain.

Maoinítear sócmhainní seasta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó mheascán de dheontais chaipitil agus de leithdháiltí ón ioncam reatha. Maidir le maoiniú a fhaightear ó dheontais, aistrítear é chuig cuntas caipitil a amúchtar ar aon dul le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

## f) Méideanna Infhaighte

Aithnítear méideanna infhaighte ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha, nuair is cuí. Is soláthar sonrach é soláthar d'fhiacha amhrasacha. Bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Leabharlann Náisiúnta in ann na méideanna uile atá dlite di a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht i soláthar ar bith d'fhiacha amhrasacha.

## g) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh san fhigiúr Méideanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Chuir an Leabharlann Náisiúnta a scéim pinsin sochair shainithe féin ar bun roimhe sin ("an Phríomhscéim"). Bíonn sí á maoiniú ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois agus ó ranníocaíochtaí arna mbaint ó thuarastail na mball foirne. Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair") i bhfeidhm ag an Leabharlann Náisiúnta. Is ionann an Scéim Aonair agus scéim sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ranníocaíochtaí a choinníonn an Leabharlann Náisiúnta. Is mar ioncam a aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus seach-churtha ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na Leabharlainne Náisiúnta agus as aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilleann fostaithe iad lena linn. Tomhaistear dliteanais na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa.

## h) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin na Leabharlainne

Sainmhínítear Sócmhainn Oidhreachta mar shócmhainn inláimhsithe lena mbaineann cáilíochtaí stairiúla, ealaíne, eolaíochta, teicneolaíochta, geoifisiceacha nó comhshaoil agus atá á coinneáil agus á cothabháil go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus le cultúr.

### Aithint Tosaigh

Taifeadtar míreanna ceannaithe ar a gcostas sna ráitis airgeadais. Taifeadtar míreanna bronntanais ar luach reatha de réir mar a chinneann Coimeádaithe na Leabharlainne é, agus tagairt á déanamh, nuair is féidir, do mhargaí tráchtála trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis idirbheart is déanaí atá ar fáil ó cheantanna. I gcás bronntanas a mbaineann an Leabharlann Náisiúnta leas as alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 ina leith, taifeadtar iad bunaithe ar an luach a chinneann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Aithnítear bronntanais mar ioncam agus déantar aistriú comhfhreagrach chuig cuntas caipitil na Sócmhainní Seasta Oidhreachta mar a leanas:

- Bronntanais nach bhforchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí ar an Leabharlann leo, ní aithnítear in ioncam iad nuair atá na hacmhainní faighte nó infhaighte;
- Bronntanais a bhforchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí ar an Leabharlann leo, ní aithnítear in ioncam iad ach tar éis na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a chomhlíonadh; agus
- Aithnítear dliteanais i gcás ina bhfaightear acmhainní sula gcomhlíontar na critéir aitheanta ioncaim.

### Luacháil

Níl an Bord den tuairim gur féidir costas iontaofa ná faisnéis luachmhar a fháil do gach ceann de na míreanna atá á gcoinneáil i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Ní féidir déanamh amhlaidh de bharr chineál éagsúil na n-ábhar atá á gcoinneáil, de bharr líon na míreanna sna bailiúcháin agus de bharr na heaspa luachanna inchomparáide margaidh atá ar fáil. Dá bhrí sin, ní aithníonn an Leabharlann Náisiúnta a bailiúcháin uile mar shócmhainní sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais seachas i gcás ceannacháin a raibh costas nó luach €5,000 nó níos mó orthu a fuarthas nó a bronnadh ó bhunú an Bhoird i mí na Bealtaine 2005. Tugtar Sócmhainní Oidhreachta ar na cineálacha sin sócmhainní ag an dáta taifeadta.

Aithnítear sócmhainní oidhreachta i dtús ar an gcostas fála mar luach a leagtar ar mhíreanna bronnta. Tugtar na míreanna ar aghaidh ar a gcostas sa ráiteas faoin staid airgeadais agus déantar laghduithe i leith bearnú nuair is gá.

Is trí leithdháileadh maoinithe caipitil na Leabharlainne Náisiúnta don bhliain a mhaoinítear gach ceannachán don bhailiúchán a bhfuil costas €5,000 nó níos mó air. Is tríd an leithdháileadh maoinithe reatha a mhaoinítear ceannacháin a bhfuil costas faoi bhun €5,000 orthu.

Caipitlítear Cartlannú Gréasáin agus Digitiú ar a gcostas. Caipitlítear na costais sin freisin i gcás ina mbaineann catalógú agus meiteashonraí go díreach le tionscadail Chartlannaithe Gréasáin agus Digitithe.

### Bearnú

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a dhímheas. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainn oidhreachta, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain. D'fhéadfaí sócmhainn oidhreachta a bhearnú, mar shampla i gcásanna ina bhfuil meath fisiciúil tagtha uirthi, inar briseadh í nó ina dtagann amhras aníos maidir lena barántúlacht.

### Costais Chaomhantais

Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa tréimhse ina dtabhaítear é a aithnítear caiteachas caomhnaithe a theastaíonn chun míreanna aonair a chaomhnú nó chun meath míreanna aonair a chosc.

## i) Breithiúnais Thábhachtacha Chuntasaíochta agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar mhéideanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth an dáta tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí féin bheith difriúil ó na meastacháin sin, áfach. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Sócmhainní Oidhreachta a Bronnadh

Cinntear luach na míreanna bailiúcháin a bhronntar ar an Leabharlann Náisiúnta trí theicnící luachála a úsáid. Feidhmíonn an Leabharlann Náisiúnta a breithiúnas agus í ag roghnú modhanna éagsúla, mar atá leagtha amach sa bheartas cuntasaíochta do Shócmhainní Oidhreachta (h) thuas.

### Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a Bhearnú

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghabhála na sócmhainne, fad is mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. D'fhonn bearnú a mheasúnú, rangaítear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid thirim atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe saolré ionchais eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus chinn siad gur cuí atá na saolréanna sócmhainne agus na luachanna iarmharacha.

### Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir

Maidir leis na Scéimeanna Aoisliúntais dá dtagraítear sa rannán "Sochair Fostaithe" thuas:

- D'aithin an Bord sócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir is iníoctha faoin bPríomhscéim agus d'aithin sé maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithníodh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017. Is é tuairim an Bhoird go leanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó a heintitis chomharba ar aghaidh ag soláthar na gcistí a theastaíonn chun na hoibleagáidí neamh-mhaoinithe pinsin sin a íoc.
- Íoctar ranníocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh an Scéim Aonair san áireamh mar scéim sochair shainithe agus tá sí ar áireamh i nochtadh FRS 102 don bhliain 2017.

### Oibleagáid Sochar Scoir

Na boinn tuisceana atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh agus rátaí mortlaíochta sa todhchaí), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh shaothair sa todhchaí.

## 2. Deontais an Oireachtais

Deontais an Oireachtais a vótáiltear chuig an Leabharlann Náisiúnta ó Vóta 33 den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ("an Roinn") mar a léirítear sna ráitis airgeadais, tá na nithe seo a leanas i gceist iontu:

| | Fo-cheannteideal | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|---|
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha | A.11 | 6,815,000 | 6,516,000 |
| Bonneagar Cultúrtha agus Forbairt Chultúrtha - Caipiteal | A.7 | 1,022,831 | 820,029 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Caipiteal | A.11 | 478,000 | 428,000 |
| An Ciste Comórtha – Caipiteal | A.15 | - | 50,000 |
| | | **8,315,831** | **7,814,029** |

Is iad na deontais faoi Fho-cheannteideal A.11 deontais bhliantúla na Leabharlainne Náisiúnta chun críocha oibriúcháin, lena n-áirítear pá, pinsin, caiteachas riaracháin agus cláir, bailiúcháin agus mionfheabhsúcháin chaipitil.

Ba é sa deontas ón gCiste Comórtha (Fo-cheannteideal A.15) ná ranníocaíocht leis na costais a bhain leis an Taispeántas 'Sínitheoirí 1916', rud a seoladh i gCáisc na bliana 2016.

Bhí na nithe seo i gceist leis na deontais ón gCiste Bonneagair Chultúrtha agus Forbartha Cultúrtha (Fo-cheannteideal A.7):

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Bailiúcháin a bhaineann le William Butler Yeats | 500,000 | 518,000 |
| Forbairt an Taispeántais faoi Seamus Heaney | 453,846 | 161,154 |
| Lámhscríbhinn Juno and the Paycock | - | 99,339 |
| Caomhnú lámhscríbhinní na hOifige Ginealais | 45,000 | 38,536 |
| Forbairt Sciathán Thiar CBA | 23,985 | - |
| *Craoladh 'Battle of the Somme'* | - | 3,000 |
| | **1,022,831** | **820,029** |

Chuaigh an Roinn i gcomhpháirt leis an Leabharlann Náisiúnta chun dhá bhailiúchán mhóra a fháil mar éadáil ó Chnuasach Leabhar Príobháideach Mhuintir Yeats sa bhliain 2016. B'ionann agus €371,372 an méid a tugadh ar aghaidh sa bhliain 2017 le haghaidh Cnuasach Leabhar Príobháideach Mhuintir Yeats a cheannach. Cuireadh an ceannachán i gcrích i mí Feabhra 2017. I gcomhréir le Beartas Cuntasaíochta na Leabharlainne, aithníodh an ranníocaíocht iomlán €518,000 mar ioncam sa bhliain roimhe.

Tá an Leabharlann Náisiúnta ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn agus le Banc na hÉireann chun taispeántas faoi Seamus Heaney a fhorbairt i bhfoirgneamh athfhorbartha Bhanc na hÉireann i bhFaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath. Chuir an Roinn maoiniú €651,000 ar fáil chun íoc as costais choimeádaíochta agus costais bhainistíochta tionscadail an taispeántais. Íocadh go hiomlán as faoin 31 Nollaig 2017. Seoladh an taispeántas an 4 Iúil 2018.

Tá caomhnú Lámhscríbhinní na hOifige Ginealais ina chlár leanúnach atá á mhaoiniú ar feadh trí bliana ón mbliain 2015. Cuirtear tuairiscí ar an dul chun cinn faoi bhráid na Roinne chun tacú leis na hiarratais ar íostarraingt maoinithe.

Cuireadh ranníocaíocht ar fáil d'Fhorbairt an Sciatháin Thiar i mí na Nollag 2017, rud a bheidh mar chuid dár n-oibreacha leanúnacha le hOifig na nOibreacha Poiblí.

Maidir leis an maoiniú deontais ar fad a cuireadh ar fáil faoi Fho-cheannteideal A.7, seachas an réamh-mhaoiniú a cuireadh ar fáil le haghaidh Cnuasach Leabhar Príobháideach Mhuintir Yeats a fháil mar éadáil, aisíocadh é i riaráiste bunaithe ar shonraisc, conarthaí agus/nó tuairiscí párolla a thaispeáint agus ar fhianaise ar íocaíocht a thaispeáint. Ní raibh aon mhéideanna ann a bhí fós amuigh ag deireadh na bliana.

# 3. Bronntanais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bailiúcháin a Deonaíodh | 4,076,800 | 125,315 |
| Bronntanais - Eile | 49,139 | 7,263 |
| Bronntanais - Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | - | 431 |
| | **4,125,939** | **133,009** |

Caipitlítear bronntanais mhíreanna bailiúcháin más ionann a luach agus €5,000 nó níos mó, ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach sa Bheartas maidir le Bailiúcháin (féach Nóta 7 (a)). Sa bhliain 2017, tugadh do Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne 8 mbronntanas arb ionann a luach agus €5,000 nó níos mó. Tá sonraí ina leith leagtha amach i Nóta 7 (a), Bailiúcháin. B'ionann agus €3,973,800 na bronntanais a tugadh faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 2002), sa bhliain 2017. Tugtar mionsonraí fúthu i Nóta 7(a), Éadálacha.

# 4. Ioncam Eile

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí Cóipeála | 71,974 | 94,909 |
| Dleachtanna agus Seirbhísí Macasamhla | 25,784 | 46,092 |
| Ioncam Araltais | 16,777 | 38,180 |
| Costais Dhíreacha a bhain le hAraltas | ( 13,982) | ( 24,704 ) |
| An Chomhghuaillíocht Sonraí Taighde - Deontas Eorpach | 31,435 | 34,425 |
| Café Joly | 22,514 | 33,681 |
| Deontas na Comhairle Oidhreachta | 10,000 | 10,002 |
| Urraíocht | 6,782 | 1,569 |
| Ioncam Úis | 0 | 96 |
| Ioncam Ilghnéitheach | (576) | ( 1,424 ) |
| | **170,708** | **232,826** |

Leis an deontas a fuarthas ón gComhghuaillíocht Sonraí Taighde, tacaítear le Bainisteoir Beartas Sonraí a fhostú ar feadh théarma an deontais, lena n-áirítear seirbhísí agus imeachtaí saincomhairleoireachta i leith bainistíocht sonraí taighde, leis na speansais a thabhaíonn an Bainisteoir Beartas Sonraí agus an Stiúrthóir i dtaca lena rannpháirtíocht sa Chomhghuaillíocht Sonraí Taighde a sheasamh, agus le forchostas riaracháin. Fuair an Leabharlann Náisiúnta tráinse amháin de mhaoiniú deontais sa bhliain. Rinneadh an t-ioncam a iarchur agus a aithint ina dhiaidh sin de réir mar a thabhaigh an Leabharlann costais Phá, costais ÁSPC agus costais Taistil agus Cothaithe. Aithníodh €31,435 ar an mbonn sin sa bhliain 2017 agus bhí iarmhéid €42,088 iarchurtha ag deireadh na bliana.

Is é atá sa deontas a fhaightear ón gComhairle Oidhreachta ranníocaíocht i dtreo na gcostas a thabhaíonn an Leabharlann Náisiúnta as Intéirneach Caomhantais lánaimseartha a fhostú. Is clár bliantúil a thosaíonn i mí na Samhna gach bliain é an clár seo. Faightear an deontas i dtús an chláir agus déantar é a iarchur agus a aithint gach mí de réir mar a thabhaíonn an Leabharlann Náisiúnta costais Phá agus costais ÁSPC. Aithníodh €10,000 ar an mbonn sin sa bhliain 2017 agus bhí iarmhéid €9,151 iarchurtha ag deireadh na bliana.

# 5. Riarachán, Oibríochtaí agus Cur Chun Cinn

| | Nóta | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais eile Phá | 5(a) | 4,134,252 | 4,040,126 |
| Leictreachas, Glantachán agus Fóntais | | 277,503 | 316,098 |
| Cumarsáid agus TF | | 243,383 | 259,419 |
| Slándáil | | 230,353 | 225,226 |
| Táillí Gairmiúla | 5(e) | 107,405 | 140,479 |
| Costais Ilghnéitheacha Oibriúcháin | | 86,666 | 81,753 |
| Caiteachas Fáilteachais | 5(f) | - | 109 |
| Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Árachas | | 102,997 | 82,550 |
| Costais Oifige | | 63,655 | 21,985 |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Muirir Léasúcháin | | 27,783 | 20,393 |
| Caillteanais de bharr an Ráta Malairte Eachtraí | | 5,395 | 6,695 |
| Ús Prasíocaíochta | | 882 | 568 |
| | | **5,280,274** | **5,195,401** |

## (a) Luach Saothair agus Costais Eile Phá

| | Nóta | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| Tuarastail Foirne | | 3,689,700 | 3,623,417 |
| ÁSPC Fostóra | | 269,413 | 251,965 |
| Luach Saothair na gComhaltaí Boird agus an Stiúrthóra | 5(d) | 114,144 | 112,495 |
| Taisteal agus Cothú Foirne | | 33,403 | 43,827 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | | 27,592 | 8,422 |
| | | **4,134,252** | **4,040,126** |

## (b) Líon Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha nó CLanna)

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Líon Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha) | 78.6 | 77.8 |

## (c) Miondealú ar shochair fostaithe

| **Raon na sochar fostaithe iomlán** | **Líon Fostaithe** | |
|---|---|---|
| Ó - Go dtí | **2017** | **2016** |
| €60,000 - €69,999 | 11 | 15 |
| €70,000 - €79,999 | 7 | 2 |
| €80,000 - €89,999 | 1 | 2 |
| €90,000 - €99,999 | 0 | 0 |
| €100,000 - €109,999 | 1 | 1 |

Áirítear leis an tábla seo an Coiste Comhairleach Bainistíochta ("MAC") agus gráid shinsearacha eile a bhfuil údarás acu dul isteach i gconarthaí agus ceangaltais airgeadais a dhéanamh thar ceann na heagraíochta, faoi réir teorainneacha sonraithe údarúcháin, agus a meastar na comhaltaí díobh a bheith ina bpríomhphearsana bainistíochta de chuid na Leabharlainne Náisiúnta, mar a shainmhínítear faoi FRS 102. Cuimsíodh Tuarastal €536,826.54 agus ÁSPC Fostóra €40,674.73 sna sochair fostaithe a íocadh le comhaltaí den Choiste Cuntas Bainistíochta nó thar a gceann sa bhliain 2017.

## (d) Luach Saothair na gComhaltaí Boird

| Comhalta Boird | Táillí Boird | Speansais Dheimhnithe | Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu |
|---|---|---|---|
| Paul Shovlin (Cathaoirleach) | - | 24 | 9 |
| Ciara Breathnach | - | - | 8 |
| Bob Collins | - | - | 7 |
| Maeve Conrick | - | 2,622 | 9 |
| James Dorgan | - | - | 9 |
| Jack Keyes | - | 1,854 | 6 |
| Conor Kostick | - | - | 8 |
| Katherine McSharry | - | - | 9 |
| Eoin McVey | - | - | 7 |
| Susan Philips | - | - | 9 |
| Susan Schreibman | - | - | 8 |
| Jennifer Taaffe | - | - | 6 |
| | **-** | **4,500** | |

Níorbh ann d'aon táillí a íocadh le hiarchomhaltaí nó le comhaltaí reatha d'Fhochoistí Boird agus níor éiligh duine ar bith díobh aon speansais ach oiread.

## (e) Luach Saothair an Stiúrthóra

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Stiúrthóir, gan ÁSPC fostóra a áireamh (a ceapadh i mí Lúnasa 2015) | 99,709 | 97,777 |
| | **99,709** | **97,777** |

Áirítear leis an bpacáiste freisin luach saothair socruithe caighdeánacha pinsin earnála poiblí. Níl aon bhónais ná Sochair Chomhchineáil ag baint leis an bpost seo.

## (f) Costais Sainchomhairleoireachta

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sainchomhairleoireacht | 32,745 | 89,632 |
| Iniúchóireacht | 23,936 | 27,462 |
| - Iniúchóireacht Sheachtrach | 20,000 | 19,000 |
| - Iniúchóireacht Inmheánach | 3,936 | 78,462 |
| Dlí | 35,508 | 16,044 |
| Aistriú | 15,216 | 7,341 |
| | **107,405** | **140,479** |

Is ionann agus €20,000 (2016: €19,000) táille iniúchóireachta inmheánaí Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## (g) Caiteachas Fáilteachais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann - Fáilteachas | - | 109 |
| | **-** | **109** |

# 6. Costais Sochar Scoir

## a) Anailís ar iomlán na gcostas sochar scoir a muirearaíodh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ollchostas Seirbhíse Reatha | 1,066,000 | 916,000 |
| Costas Úis | 707,000 | 880,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | ( 108,751 ) | ( 101,934 ) |
| | **1,664,249** | **1,694,066** |

## b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochar scoir sa bhliain airgeadais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáid Sochair Shainithe Tosaigh | 39,622,005 | 33,634,230 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,066,000 | 916,000 |
| Costas Úis | 707,000 | 880,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach – Boinn Tuisceana Airgeadais | 2,178,000 | 5,809,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach – Ó Thaithí | 682,000 | ( 754,000 ) |
| Sochair lúide Ranníocaíochtaí Íoctha na mBall | ( 667,901 ) | ( 863,225 ) |
| **Oibleagáid Sochair Shainithe Deiridh** | **43,587,104** | **39,622,005** |

## c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna sin mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn an tacair tbonn tuisceana atá luaite thuas agus ar bhonn roinnt eachtraí san am a chuaigh thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil le bunú na scéime sochar scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord á léiriú nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag íoc na méideanna sin de réir an chleachtais reatha.

Is mar a leanas a aithníodh an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais sochar scoir na bliana reatha | 1,773,000 | 1,796,000 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | ( 667,901 ) | ( 863,225 ) |
| | **1,105,099** | **932,775** |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir ag an 31 Nollaig 2017 agus €43.6m (2016: €39.6m).

## d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 43,590 | 39,625 | 33,634 | 35,171 |
| Gnóthachain / (Caillteanais) ó thaithí ar Dhliteanais Scéim Sochair Shainithe | ( 682 ) | 754 | 415 | 425 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | ( 1.6% ) | 1.9% | 1.2% | 1.2% |

## e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Is é atá sa scéim sochar scoir socrú pinsin tuarastal deiridh sochair shainithe ina bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin reatha "eiseamláireacha" de scéimeanna seirbhíse poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsin (1/80 sa bhliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80 sa bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáth-aois scoir, agus tá daoine ar bhaill iad roimh an mbliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ón uair a shlánaíonn siad 60 bliain d'aois. Méadaíonn pinsin á n-íoc (agus á n-iarchur) de ghnáth ar aon dul leis an mboilsciú ginearálta ar thuarastal seirbhíse poiblí.

Oibríonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair) freisin. Is scéim pinsean sochair shainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Déantar foráil sa scéim do chnapshuim pinsin agus scoir atá bunaithe ar luach saothair inphinsin mar mheán gairme agus ar phinsin chéile agus ar phinsin leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta pinsin (a ardaíonn de réir athruithe san aois pinsin Stáit). Ar áireamh sa scéim tá saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire neamhspleách cáilithe í an 4 Bealtaine 2018, agus ceanglais an chaighdeáin tuairiscithe airgid á gcur san áireamh d'fhonn na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2017 a mheasúnú.

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Boilsciú | 1.90% | 1.75% |
| Ráta an mhéadaithe fhadtéarmaigh ghinearálta i dtuarastal | 2.90% | 2.75% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair stáit | 1.90% | 1.75% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair iarchurtha | 1.90% | 1.75% |
| Méaduithe pinsin | 1.90% | 1.75% |
| Ráta lascaine do dhliteanais scéime | 1.70% | 1.80% |

## Mortlaíocht

Cumasaíonn an bonn mortlaíochta go follasach feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama, le go mbraithfidh ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a shlánaíonn 65 bliana d'aois in 2017 agus in 2037.

| | 2017 | 2037 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fear | 87.0 | 88.7 |
| Ionchas saoil - bean | 90.0 | 92.0 |

# 7. Cláir

| | Nóta | 2017<br>€ | 2016<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Bailiúcháin Speisialta** | | | |
| Tionscadal Catalógaithe 'Deich mBliana na gCuimhneachán' | | 25,225 | 193,327 |
| Éadálacha Bailiúchán Speisialta | 7A | 144,196 | 171,641 |
| Caomhnú | | 102,754 | 94,519 |
| Comhoibriú IFI / Liam O'Leary | | 7,715 | 37,917 |
| Seirbhísí Seomra Léitheoireachta MSS | | 966 | 1,213 |
| | | 280,856 | 498,617 |
| **Bailiúcháin Fhoilsithe** | | | |
| Éadálacha Bailiúchán Foilsithe | 7A | 143,610 | 172,216 |
| An Tionscadal Glanta Leabhar | | 22,386 | 42,281 |
| Tionscadal um Riaráiste Catalógaithe | | - | 24,061 |
| Próiseáil agus Cumhdach | | 6,057 | 9,952 |
| Seirbhísí do Léitheoirí | | 16,071 | 6,165 |
| | | 188,124 | 254,675 |
| **For-rochtain** | | | |
| Cláir Phoiblí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht | | 287,455 | 223,816 |
| Éire le linn an Chéad Chogadh Domhanda: Eispéireas na hÉireann a Iniúchadh | | 22,109 | 10,268 |
| Searmanais Chomórtha 2016 | | 690 | 5,082 |
| Taispeántais eile | | 23,981 | 2,820 |
| Taispeántas faoi William Butler Yeats | | 6,504 | 1,995 |
| | | 340,739 | 243,981 |
| **Ginealas agus Araltas** | | | |
| Seirbhís Taighde Ginealais | | 40,107 | 50,625 |
| Tionscadail Chatalógaithe agus Chaomhnaithe na hOifige Ginealais | | 6,172 | 30,276 |
| Costais Eile Ghinealais agus Araltais | | 3,147 | 12,071 |
| | | 49,426 | 92,972 |
| **Bailiúcháin Dhigiteacha** | | | |
| Bogearraí a bhaineann go sonrach le Leabharlanna | | 20,436 | 30,586 |
| Catalógú na mBailiúchán Digiteach | | 1,409 | 19,038 |
| Trealamh Leabharlainne agus Cothabháil | | 21,927 | 16,248 |
| | | 43,772 | 65,872 |
| | | **902,917** | **1,156,117** |

## (a) Éadálacha

| | Nóta | 2017 €|
|---|---|---|
| **Éadálacha Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Reatha** | | |
| Seanleabhair agus Leabhair Neamhchoitianta | | 62,907 |
| Lámhscríbhinní | | 34,755 |
| Priontaí agus Líníochtaí | | 19,358 |
| Ábhar Gearrshaolach | | 11,408 |
| Grianghraif | | 15,768 |
| | | 144,196 |
| **Éadálacha Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil** | | |
| T.S. Eliot 'Poetry of W.B.Yeats' | | 11,723 |
| Páipéir Conor Cruise O'Brien | | 50,000 |
| J. O'Donovan Rossa | | 9,500 |
| W.B. Yeats | | 725,000 |
| Díolachán Saothar Ealaíne, Caisleán an Chomair | | 20,740 |
| Cartlann Lámhscríbhinní Nugent | | 8,540 |
| Díolachán Shaothar Yeats | | 63,102 |
| Cnuasach Leabhar Mhuintir Yeats | | 431,701 |
| Grianghrafadóireacht 'Under the Influence' | | 7,632 |
| | 12 | 1,327,938 |
| **Bailiúcháin Speisialta a fuarthas mar éadáil trí bhronnadh** | | |
| Páipéir Chris Robson | | 5,000 |
| Páipéir George Morrison | | 30,000 |
| Litreacha ó Bhailiúchán an Cheannfoirt Paul Galligan, 1916-2006 | | 6,000 |
| Páipéir an Ghinearáil Sir John Maxwell | | 20,000 |
| Bailiúchán Anthony J. Jordan, 1960-2010 | | 15,000 |
| Páipéir John N. H. Brennan (sa bhreis), 1905-2009 | | 6,000 |
| Cartlann an Guildford Four | | 15,000 |
| Litreacha ó R. I. Best chuig Anita Cowlard | | 6,000 |
| | 12 | 103,000 |
| **Bailiúcháin Speisialta a fuarthas mar éadáil trí alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, le haghaidh bronntanais Oidhreachta** | | |
| Sáirséal agus Dill | | 300,000 |
| Cartlann Neil Jordan | | 2,750,000 |
| Cartlann Mhuintir Yeats | | 923,800 |
| | 12 | 3,973,800 |
| | | 5,548,934 |
| **Éadálacha Bailiúchán Digiteach a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil** | | |
| Cartlannú Gréasáin | | 74,575 |
| **Éadálacha Bailiúchán Foilsithe a maoiníodh tríd an Deontas Reatha** | | |
| Leabhair | | 33,374 |
| Síntiúis ar líne agus CD-ROM | | 65,663 |
| Nuachtáin | | 35,737 |
| Tréimhseacháin | | 8,836 |
| | | 143,610 |
| **Iomlán na nÉadálacha** | | **5,767,119** |

Mar atá leagtha amach in AP1(h), cuirtear ar áireamh sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais na sócmhainní oidhreachta a fuarthas mar éadáil/a bronnadh ó bunaíodh an Bord sa bhliain 2005.

Níor dílsíodh bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an tráth sin sa Bhord lá an bhunaithe - tá siad dílsithe sa Stát fós. Tá an Bord den tuairim nach den phraiticiúlacht luacháil a dhéanamh ar na bailiúcháin sin an bunchostas a dheimhniú agus nach eolas atá fiúntach ná úsáideach maidir le maoirseacht an Bhoird ar na bailiúcháin a thiocfadh as sin a dhéanamh ar aon chuma.

Baineann luach íseal le formhór na míreanna a fhaightear le haghaidh na mbailiúchán ina n-aonar, ar nós leabhar, nuachtán agus tréimhseachán. Maidir le hábhair a fhoilsítear in Éirinn, faightear iad trí thaisce dhlíthiúil de réir fhorálacha alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000. Maidir le hábhair a fhoilsítear in áit eile, faightear iad trí cheannach nó trí bhronnadh de réir Bheartas na Leabharlainne Náisiúnta maidir le Bailiúcháin a Fhorbairt. Áirítear leo sin ábhair a fhoilsítear i dTuaisceart Éireann mar aon le hábhair a fhoilsítear thar lear lena mbaineann spéis Éireannach de réir cheanglais alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Tá bailiúcháin sa bhliain 2017 léirithe sa tábla thuas. Déantar idirdhealú ann idir an caiteachas a muirearaíodh chuig an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim ar mhíreanna ar lú a luach aonair ná €5,000 – rud a léirítear de réir cineáil – agus caiteachas ar mhíreanna caipitlithe nó tionscadail digitithe arb ionann a luach agus €5,000 nó níos mó – ar nithe iad a mhiondealaítear.

I measc na mbailiúchán a bronnadh sa bhliain 2017 tá míreanna éagsúla arb ionann a luach agus €103,000. Cé go gcoimeádann an Leabharlann Náisiúnta cuntas ar na míreanna sin ar an dóigh chéanna a gcoimeádann sí cuntas ar bhronntanais, cuireadh na míreanna sin isteach sa Bhailiúchán Náisiúnta trí bhíthin taisce fhadtéarmach agus meastar iad a bheith buan, beagnach.

# 8. Ceangaltais Chaipitil

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí an Leabharlann Náisiúnta tar éis cnuasach leabhar mhuintir Yeats a fháil mar éadáil. Ní raibh aon cheangaltais chonarthacha i bhfeidhm ar an dáta sin.

# 9. Dímheas

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **Nóta** | **€** | **€** |
| Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh | 11 | 230,565 | 260,533 |
| | | **230,565** | **260,533** |

# 10. Cuntas Caipitil

## a) Sócmhainní Oidhreachta

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid Tosaigh | 16,061,240 | 15,531,266 |
| Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas | 1,402,515 | 404,659 |
| Sócmhainní Oidhreachta a deonaíodh | 4,076,800 | 125,315 |
| **Iarmhéid Deiridh (Nóta 12)** | **21,540,555** | **16,061,240** |

## b) Sócmhainní Seasta Oibriúcháin

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid Tosaigh | 1,793,584 | 1,719,325 |
| Chun ceannach Sócmhainní Seasta a mhaoiniú | 765,532 | 334,792 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | ( 230,565 ) | ( 260,533 ) |
| **Iarmhéid Deiridh (Nóta 11)** | **2,328,551** | **1,793,584** |

# 11. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF | Trealamh | Troscán agus Feistis | Taispeántais atá á gcur le chéile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Ag an 1 Eanáir | 2,786,403 | 1,412,550 | 1,159,648 | 245,476 | 5,604,077 |
| Breiseanna | 40,641 | 13,052 | 7,625 | 704,214 | 765,532 |
| Diúscairtí | ( 4,156 ) | ( 39,809 ) | - | - | ( 43,965 ) |
| Breiseanna | - | - | - | - | - |
| **Ag an 31 Nollaig** | **2,822,888** | **1,385,793** | **1,167,273** | **949,690** | **6,325,644** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 1,634,206 | 1,294,049 | 882,238 | - | 3,810,493 |
| Muirear don bhliain | 108,216 | 38,562 | 83,787 | - | 230,565 |
| Diúscairtí | ( 4,156) | ( 39,809 ) | - | - | ( 43,965 ) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **1,738,266** | **1,292,802** | **966,025** | **-** | **3,997,093** |
| | | | | | |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 1,152,197 | 118,501 | 277,410 | 245,476 | 1,793,584 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | ( 67,575 ) | ( 25,510 ) | ( 76,162 ) | 704,214 | 534,967 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **1,084,622** | **92,991** | **201,248** | **949,690** | **2,328,551** |

## a) Taispeántais atá á gcur le chéile

Maidir leis na taispeántais eile atá á gcur le chéile fós amhail an 31 Nollaig 2017, baineann siad leis an taispeántas faoi Seamus Heaney a fhorbairt, rud atá le seoladh an 4 Iúil 2018. Is tionscadal comhoibríoch é sin atá ar bun leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Banc na hÉireann.

# 12. Sócmhainní Oidhreachta

## a) Faisnéis Ghinearálta

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is leis an Stát atá bailiúcháin uile na leabharlainne agus is faoi bhainistíocht Bhord na Leabharlainne atá siad.

- Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne Náisiúnta an t-ábhar leabharlainne atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal; taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun; agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill den phobal teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.
- Tá de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bailiúchán na Leabharlainne a mhéadú.
- Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair a thabhairt ar iasacht faoi réir fhorálacha Alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair na Leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Is trí leithdháileadh maoinithe caipitil na Leabharlainne don bhliain a mhaoinítear gach ceannachán don bhailiúchán a bhfuil costas os cionn €5,000 air. Is tríd an leithdháileadh maoinithe reatha a mhaoinítear ceannacháin a bhfuil costas faoi bhun €5,000 orthu.

## b) Cineál agus Scála an Bhailiúcháin

Is ionann sealúchas na Leabharlainne Náisiúnta agus an bailiúchán is cuimsithí d'ábhar doiciméadach Éireannach ar domhan. Chomh maith leis sin, tá léiriú ríthábhachtach ar stair agus oidhreacht na hÉireann le fáil ann.

Léirítear i struchtúr bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta na trí shnáithe leathana den díriú bailithe. Is é Coimeádaí nó Ceann Rannóige atá freagrach as gach ceann díobh, mar a leanas:

- Bailiúcháin Speisialta
- Bailiúcháin Fhoilsithe
- Bailiúcháin Dhigiteacha.

### Bailiúcháin Speisialta

Cuimsítear i mBailiúcháin Speisialta ábhar neamhchoitianta agus uathúil amhail lámhscríbhinní, grianghraif, priontaí, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, leabhair neamhchoitianta agus seanleabhair, léarscáileanna lámhscríofa agus ceol. Tá na milliúin mhír ar áireamh i mBailiúcháin Speisialta, mar shampla breis agus 4.5 milliún mír sna bailiúcháin ghrianghraf agus breis agus milliún mír sa bhailiúchán lámhscríbhinní.

### Bailiúcháin Fhoilsithe

Cuimsítear i mBailiúcháin Fhoilsithe leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin atá nua-aimseartha agus nua. Ceann de na príomhbhailiúcháin laistigh de Bhailiúcháin Fhoilsithe is ea an Bailiúchán Taisce Dlíthiúla ina gcuimsítear an t-ábhar ar fad – leabhair, nuachtáin agus irisleabhair arna bhfoilsiú in Éirinn – a fuarthas faoi na forálacha Taisce Dlíthiúla den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000.

### Bailiúcháin Dhigiteacha

Cuimsítear i mBailiúcháin Dhigiteacha míreanna digiteacha a chruthaigh an Leabharlann Náisiúnta mar thoradh ar dhigitiú an ábhair ó Bhailiúcháin Speisialta agus ó Bhailiúcháin Fhoilsithe (sócmhainní nua) agus a dhigitiú na míreanna ar a dtugtar "Born Digital" ar nós suíomhanna Gréasáin nach raibh ar fáil riamh ach i bhformáid dhigiteach.

## c) Fáil mar Éadáil

Tá de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta na hÉireann bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a mhéadú agus faightear ábhar mar éadáil ar thrí bhealach: taisce dhlíthiúil, bronnadh agus ceannach.

### Taisce Dhlíthiúil

Is é atá i dtaisce dhlíthiúil foráil reachtúil lena gcuirtear oibleagáid ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseacháin a chur i dtaisce i leabharlanna áirithe. Is iondúil a chuirtear i dtaisce iad sa tír ina bhfoilsítear iad. I bPoblacht na hÉireann, is san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 a leagtar amach an fhoráil reachtúil le haghaidh taisce dhlíthiúil.

### Bronntanais

Faigheann an Leabharlann Náisiúnta bronntanais thábhachtacha ar na bailiúcháin gach bliain. Cuirtear bronntanais faoi mheasúnú ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta maidir le Bailiúcháin a Fhorbairt.

I gcásanna áirithe, féadfaidh bronntóirí faoiseamh cánach a fháil i leith bronntanais mhíreanna oidhreachta ar an Leabharlann Náisiúnta, mar a fhoráiltear dó faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Féadfaidh feidhm a bheith ag an bhfaoiseamh sin maidir le bronntanais nó "míreanna oidhreachta" amhail aircíví, leabhair, taifid eastáit, lámhscríbhinní agus priontaí mar ar mó ná €150,000 luach iomlán na míreanna arna mbronnadh.

### Ceannacháin

Baintear úsáid as buiséad éadálacha na Leabharlainne Náisiúnta chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta, cibé acu trí cheannach díreach nó trí cheant. Déantar cinntí ar sheanábhar agus míreanna uathúla oidhreachta a cheannach de réir na gcritéar atá leagtha amach i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta maidir le Bailiúcháin a Fhorbairt. Foilseacháin reatha agus nua lena mbaineann spéis Éireannach agus nach bhfaightear faoi thaisce dhlíthiúil, ceannaítear iad mar ghnáthchleachtas.

## d) Caomhnú agus Caomhantas

Oibríonn an Rannóg Caomhantais chun caomhantas agus caomhnú a dhéanamh ar bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. De ghnáth, ní fheabhsaíonn bearta caomhnaithe riocht na míre, ach baintear úsáid astu chun díghrádú a mhoilliú agus chun damáiste a dhéantar le modhanna éighníomhacha a chosc. I gcodarsnacht leis sin, is é is aidhm do chaomhantas saolré agus inrochtaineacht na mbailiúchán a fhadú trí chóireálacha idirghabhála a fheabhsaíonn riocht fisiciúil agus ceimiceach na míre agus a fheabhsaíonn riocht amhairc na míre go minic.

Anuas ar fhreagracht a ghlacadh as cóireáil chaomhantais na míreanna neamhchoitianta agus uathúla, oibríonn na caomhnóirí ar raon éagsúil beart chun an riosca go ndéanfaí damáiste do na bailiúcháin a mhaolú. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus oiliúint a chur orthu i ngach gné de chúram agus bainistíocht bailiúchán, lena n-áirítear láimhsiú, measúnacht reachta, suirbhéireacht, athchóiríocht agus cur i mbosca de réir céime. Chomh maith leis sin, ullmhaíonn caomhnóirí na míreanna le haghaidh taispeáint, digitiú agus tabhairt ar iasacht lena dtaispeáint.

## e) Diúscairt

Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair na Leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. De ghnáth, ní dhiúscraíonn an Leabharlann Náisiúnta an t-ábhar ina bailiúcháin.

## f) Anailís ar Éadálacha

Mar atá leagtha amach sna Beartais Chuntasaíochta (Nóta 1, h), aithníonn an Leabharlann Náisiúnta na Sócmhainní Oidhreachta go léir (ar mó a luach aonair ná €5,000) a ceannaíodh nó a fuarthas mar éadáil ón mbliain 2005 i leith. Is ar a gcostas a iompraítear na sócmhainní sin agus déantar coigeartú do bhearnú nuair is gá. Tá na hidirbhearta i dtaca leis an mbliain 2017 agus leis na ceithre thréimhse chuntasaíochta roimhe leagtha amach thíos.

| | Lámhscríbhinní | Digiteach | Físeach | Priontáilte | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil:** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Ag an 1 Eanáir | 9,934,553 | 2,012,086 | 2,866,762 | 1,247,839 | 16,061,240 |
| Ceannacháin | 825,505 | 74,574 | 63,102 | 439,334 | 1,402,515 |
| Bronntanais | 4,076,800 | - | - | - | 4,076,800 |
| Ag an 31 Nollaig | **14,836,858** | **2,086,660** | **2,929,864** | **1,687,173** | **21,540,555** |

## (g) Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta Sócmhainní Oidhreachta

| | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Breiseanna** | | | | | |
| Lámhscríbhinní | 825,505 | 433,672 | 533,631 | 193,736 | 254,216 |
| Digiteach | 74,574 | 81,210 | 225,673 | 289,329 | 296,879 |
| Físeach | 63,102 | 15,092 | 1,515,263 | - | 20,000 |
| Priontáilte | 439,334 | - | 31,905 | - | 6,107 |
| | 1,402,515 | 529,974 | 2,306,472 | 483,065 | 577,202 |
| | **1,402,515** | 529,974 | 2,306,472 | 483,065 | 574,702 |

# 13. Méideanna Infhaighte

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 107,155 | 110,143 |
| Féichiúnaithe | 55,114 | 58,778 |
| | **162,269** | **168,921** |

# 14. Méideanna iníoctha

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 361,914 | 226,876 |
| Cánachas agus Leas Sóisialach | 315,446 | 151,321 |
| Creidiúnaithe Trádála | 247,040 | 132,287 |
| | **924,400** | **510,484** |

## 15. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 5 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh le príomhphearsana bainistíochta.

Glacann an Leabharlann Náisiúnta nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Boird arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deontais a fhaomhadh nó dul isteach i socruithe conartha eile le heintitis a bhfuil comhaltaí Boird na Leabharlainne Náisiúnta fostaithe iontu nó a bhfuil leas ag na comhaltaí iontu ar shlí eile. Feidhmíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann rialú ar Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil aon scairchaipiteal aici, bunaíodh í le haghaidh forbairt Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a éascú agus le haghaidh leabhair phriontáilte, lámhscríbhinní agus ábhar eile le hÉireannaigh nó a bhaineann le hÉirinn a fháil mar éadáil. Is páirtithe gaolmhara iad an Leabharlann Náisiúnta agus an tIontaobhas mar gur comhaltaí reatha de Bhord na Leabharlainne Náisiúnta nó dá Foireann Bainistíochta iad formhór na nIontaobhaithe.

Ullmhaíonn an tIontaobhas ráitis airgeadais bhliantúla. Déanann gnólacht iniúchóirí tráchtála iniúchadh ar na ráitis sin. Is don bhliain dar críoch an 30 Aibreán 2017 atá na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí atá ar fáil. Taifeadtar iontu caiteachas atá cothrom le €3,966, ioncam atá cothrom le €344 agus cúlchistí coinnithe ioncaim/glansócmhainní deireadh bliana atá cothrom le €483,401. Níorbh ann d’aon idirbhearta idir an tIontaobhas agus an Leabharlann Náisiúnta sa bhliain 2017.

## 16. Costais Chomparáideacha

Rinneadh figiúirí áirithe costais chomparáidigh a athghrúpáil agus a athaicmiú ar an mbonn céanna is a dhéantar sa bhliain reatha.

## 17. Dliteanais Theagmhasacha

Tá éileamh gníomhach amháin ann in aghaidh na Leabharlainne Náisiúnta. Tá an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag déileáil leis. Rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann soláthar €50,000 sna ráitis airgeadais don éileamh sin.

## 18. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D’fhaomh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais an 18 Deireadh Fómhair 2018.

# Bronntóirí 2017

Tugann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann aitheantas go buíoch do thacaíocht fhlaithiúil ár mbronntóirí in 2017.

*Baker, Jennifer*
*Barnwell, David*
*Beresford, Marcus*
*Berry, Fiona*
*Berwick, Mary*
*Brady, an Dr Luke*
*British Records Association*
*Byrne, Gerard*
*Cambridge University Press*
*Channells , Geoffrey*
*Costelloe, Peter*
*Cullen, Paul*
*Davis, Richard*
*Dillon, Maureen*
*Dillon, Paul*
*Cumann Staire Dhomhnach Mór*
*Donnelly, Patrick*
*Dowdall, Deirdre*
*Doyle, Ita*
*Emain Publications*
*Ernest Walker, Lynda*
*Evans, J.R.*
*Fanfoni, Marcello*
*Flanagan, Patrick*
*Fleming, Brian*
*Franey, Ros*
*Fundacja Kultury Irlandzkiej*
*Galligan, Colm*
*An Líonra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha*
*Griffin, Stephen*
*Guinness, Catherine*
*Hassett, Joseph*
*Havelin, Harry*
*Heaton, Carol*
*Hipgrave, Brian*
*Inman, Keith*
*Jordan, Anthony*
*Jordan, Neil*
*Kelly, James*
*Kenny, Colum*
*Keogh, Ann*
*Kostick, Conor*
*Kuch, Peter*
*Lacey, Brian*
*Cumann Staire Leath Cathail*
*Lydon, Perry*
*MacDonald, Paddy*
*MacGabhann, Peadar*
*Mackenzie, Erik*
*McCormack, Bill*
*McIntyre, Perry*
*Medlycott, Elinor*
*Mitrani, Ida*
*Morrison, George*
*Nangle, John*
*Nightingale, Marie P.*
*Iontaobhas Carthanais Normanby*
*O'Brien, Peter*
*O'Neill, Emer*
*Orr, Charles J.W.*
*Paine, Gary*
*Pernot-Deschamps, Maggie*
*Phipps, Constantine*
*Reynolds, Julian*
*Schramm, Krzysztof*
*Semple , Patrick*
*Smith, Deirdre*
*Smyth, Ann*
*Bailiúcháin Speisialta, Seirbhísí Faisnéise, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste*
*Stocks Powell, John*
*Stoney Road Press*
*Cumann Staire an tSratha Báin*
*The Reading Room Press*
*Tuffley, M. J.*
*Turner, Martyn*
*Wark , Anne*
*Watts, Cedric*
*Wild Apple Press*
*Yeats, Caitríona*
*Muintir Yeats*



Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) an leabharlann taifid d'Éirinn. Bunaíodh an Leabharlann sa bhliain 1877 agus comhroinnimid scéal na hÉireann leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do níos mó ná deich milliún mír, agus tá leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha ina measc. Tá an Leabharlann ar oscailt saor in aisce do gach duine ar mhaith leo súil a chaitheamh ar na bailiúcháin.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag an Leabharlann Náisiúnta don tréimhse 2016 – 2021 ná bailigh, cosain, ceangail, nuáil agus comhoibrigh.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland

www.nli.ie